Acmhainn 3 (Gníomh 3)

Cineálacha Éagsúla Iompair

Fulangach – "Tá tusa maith go leor, níl mise."
Duine a ghníomhaíonn ar bhealach fulangach, tugann sé neamhaird ar a chuid mothúchán le coimhlint a sheachaint. Is fearr leis 'an tsíocháin a choimeád' ar a aimhleas féin. Is féidir leis an chineál seo iompair mothúcháin dhiúltacha a charnadh taobh istigh, ina measc an searbhas agus an doicheall.

Ionsaitheach – "Tá mise maith go leor – níl tusa."
Duine a ghníomhaíonn ar bhealach ionsaitheach, tugann sé neamhaird ar mhothúcháin daoine eile. Déanann sé iarracht ceisteanna a réiteach tríd an chomhlint. Tá maslaí, argóintí agus forsa corpartha ina n-eiseamláirí d'iompar ionsaitheach.

Treallúsach – "Tá mise maith go leor, tá tusa maith go leor."
Duine a ghníomhaíonn ar bhealach treallúsach, tugann sé aird ar a mhothúcháin féin agus ar mhothúcháin daoine eile. Bíonn sé muiníneach agus é ag cur a mhothúchán agus a riachtanas in iúl. Iarrann iompar treallúsach an réiteach is fearr a aimsiú.

Fulangach Ionsaitheach
Duine a bhfuil an chuma air go bhfuil sé fulangach ach, taobh thiar den íomha fhulangach, tá leibhéal ionsaitheachta a chiallaíonn go ndéarfaidh sé go ndéanfaidh sé rud nuair nach bhfuil rún ar bith aige é a dhéanamh.

Roinnt Eiseamláirí:
Cén cineál freagartha a léirítear sna heiseamlairí thíos?

Suíomh	Freagairt
Baineann tú an scoil amach go mall don dara huair taobh istigh de sheachtain. Faigheann tú coinneáil istigh.	"Is fuath liom an scoil seo; tá sí cosúil le campa géibhinn."
Cuireann comharsa i do leith, go héagórach, gur bhris tú fuinneog.	"Ní maith liom gur briseadh d'fhuinneog. Caithfidh go bhfuil an duine contráilte aimsithe agat – bhí mise le mo thuismitheoirí iomlán na maidine."
Ceannaíonn tú barréide nua sa siopa is fearr leat. Tosaíonn sí ag stróiceadh i ndiaidh dhá sheachtain agus insíonn an freastalaí siopa duit nach bhfuil tú in ann aisíoc a fháil.	"Maith go leor, fadhb ar bith – is cuma."

Acmhainn 4 (Gníomh 3)

Cad É A Dhéanfaidh Tú?

1. Ní thaitníonn do chara le do thuismitheoirí mar gur chuir sí dath gorm ar a cuid gruaige. Níor mhaith leo go gcaithfeá am ina cuideachta feasta. Dar leat, níor athraigh rud ar bith fúithi ach amháin dath a cuid gruaige.

2. Ba mhaith leat a bheith i do bhall de ghrúpa faoi leith ar scoil. Dealraíonn sé go mbíonn am maith ag an ghrúpa i gcónai, ach níor iarradh ort riamh páirt a ghlacadh ann. Inniu, iarrann cailín amháin ort páirt a ghlacadh leo i múinteoir ionaid a chiapadh. Tá sé ar intinn acu suíocháin a mhalartú, nótaí a chur chuig a chéile agus comharthaí a dhéanamh taobh thiar den mhúinteoir. Tugann tú chun cuimhne an dóigh ar fhág an múinteoir ionaid deireanach an seomra ag caoineadh agus an t-aiféala a bhí ort faoi. Coinníonn an grúpa ag tathant ort dul i bpáirt leis.

3. Bhí mian ag John riamh a bheith ina aisteoir, ach níor mhaith lena theaghlach go rachadh sé chuig scoil drámaíochta. Tá treampán ar a thuismitheoirí as mian a mhic a bheith ina aisteoir. Tá sé iontach deaslámhach agus ba mhaith leo go rachadh sé le ceird sa dóigh go mbeidh post seasmhach aige. Cad é ba cheart dó a dhéanamh?

4. Ag cóisir ag deireadh na seachtaine seo caite, bhí buíon ón scoil ag cur dúidín thart eatarthu. Bhí gal de ag do chara agus cuireadh iontas ort mar ní raibh a fhios agat gur bhain sé triail as cheana. Chuir sé chugat é agus shíl tú leat féin, "Níor mhaith liom triail a bhaint as i ndáiríre – déanfaidh mé ceap magaidh díom féin." Bhí gal agat de, níor ionanálaigh tú agus chuir tú ar aghaidh é go gasta, ach níor mhaith leat a bheith sa suíomh sin arís. Cad é a dhéanfaidh tú?

5. Scar do thuismitheoirí roinnt blianta ó shin agus caitheann tú gach ré deireadh seachtaine le do dhad. Cronaíonn tú go mór é agus bíonn tú ag dúil go mór lena fheiceáil. Le déanaí, saolaíodh leanbh fir dó agus dá pháirtí nua agus mothaíonn tú go mbíonn tú sa bhealach nuair a théann tú tigh s'aige. Nuair a rinne tú iarracht labhairt leis faoi, dúirt sé go mbíonn sé ag obair go crua le linn na seachtaine agus nach mbíonn faill aige am a chaitheamh lena leanbh, agus gur ar mhaithe leat féin a bhí tú.

6. Oibríonn tú go páirtaimseartha in ollmhargadh áitiúil. Dúradh leat go n-athraítear roinnt na sealanna go seachtainiúil sa dóigh nach mbíonn ar dhuine ar bith na sealanna is lú a bhfuil dúil iontu – tráthnóna Dé hAoine agus tráthnóna Dé Sathairn – a dhéanamh an t-am ar fad. Mar sin féin, tugadh na sealanna seo duitse gach seachtain ó thosaigh tú. Níor mhaith leat gearán a dhéanamh ar dtús, ach anois tá tú bréan de agus síleann tú go bhfuiltear ag breith buntáiste ort. Nuair a labhraíonn tú le do mhaoirseoir, ní deir sí ach, 'Éirigh as mura dtaitníonn sé leat," ach tá an t-airgead de dhíth go mór ort.

Acmhainn 5 (Gníomh 3)

Ag Seasamh An Fhóid?

Dóigheanna le rudaí nár mhaith leat a dhéanamh a sheachaint

Lig an t-iarratas nó an moladh tharat

Athraigh an t-ábhar

Déan leithscéal

Déan gáire faoin smaoineamh

Tabhair dúshlán

"Smaoineamh is fearr" a mholadh

Abair "Níor mhaith, go raibh maith agat," go treallúsach

Cad é a éiríonn leis duitse?